



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 3 EAGRÁN 4

IÚIL-LÚNASA 2016

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
An madra glic	2
An Cathach	3
Scéal grinn	3
An tAmhrán Náisiúnta - Amhrán na bhFiann	4
An raibh fios agat?	4
An Dealbh in easnamh	5
An Araib Shádach	6
Bás "An Rí"	6
Cógaslann Sweny	7
Saoire ar an gCósta Fiáin—III	8
An Fear Saibhir	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Oíche Airneáin	11
Club Filíochta Dhomhnach Míde	11
EURO 2016 - cuimhní cinn	12
Bean an Tí l'AIRBNB	12



CUR I nGÉILLEACHAS!

An bhfuil gloine na Gaeilge leath-lán nó leath-fholamh? Foilsíodh torthaí na hArdteistiméireachta le déanaí. Rinne 16,665 níos mó daltaí an páipéar ardleibhéil sa Ghaeilge i 2016 ná mar a rinne i 2013, ar dú suntasach 20%. Dúirt Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge, “go bhfuil ag éirí go han-mhaith le daltaí sa Ghaeilge ag an Ardteistiméireacht”. Ach bhí dearcadh eile ar an scéal ag Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a dúirt “Ní hionann líon ard gráid maithe agus cumas sa Ghaeilge a bheith ag daltaí”. Deir Muireann go bhfuil tuairiscí cloiste aici “go bhfuil titim thubaisteach ar chaighdeán na Gaeilge sna coláistí oiliúna”. Bhí ailt shuimiúla ag Maitiú Ó Coimín in **tuairisc.ie** a bhaineann leis an ábhar seo agus a léiríonn cás na Gaeilge sa chóras oideachais. Tiofadh íosriachtanas Gaeilge nua sa chóras iontrála do na Coláistí Oiliúna i bhfeidhm i 2017 agus ansin beidh duine cáilithe do chúrsa bunmhúinteoireachta le marc chomh híseal le 50%. Le 40% ag dul don scrúdú béil agus 10% ag dul don chluastuiscint ní bheidh gá ag duine pas a fháil sa scrúdú scríofa chun an t-íosriachtanas a shroicheadh. Cinnte, is rud maith é go bhfuil daltaí in ann an Ghaeilge a labhairt - más fíor go bhfuil siad á labhairt. Faraoir tá a lán daoine amhrasach faoi chaighdeán an mheasúnaithe sa scrúdú béil. Cinnte, tá níos mó ná cumas labhartha ag teastáil ó bhunmhúinteoir. Mura mbíonn sí/sé in ann an teanga a léamh ná a scríobh go cruinn ní bheidh sí/sé in ann í a mhúineadh i gceart. An dall ag déanamh bóthair don bhacach a bheadh ann amach anseo!



An bhfuil spéis dá laghad ag An Roinn Oideachais (agus Eolaíochta) i gcur chun cinn na Gaeilge? Má tá, ní fheicim aon fhianaise de. Tá sé níos éasca a chreidiúint go bhfuil naimhdeas ag an Roinn don Teanga Náisiúnta agus go bhfuil comhcheilg ar bun ag an bhfoireann inti an Ghaeilge a íosghrádú agus a ruaigeadh ón gcóras oideachais. Bhí ionad lárnach ag an nGaeilge sna coláistí oiliúna tráth ach is beag rian di atá le feiceáil i gcuraclaim na gcúrsaí bunmhúinteoireachta anois. Ba cheart go mbeadh leath na n-ábhar sna curaclaim á mhúineadh trí mheán na Gaeilge chun go mbeidh líofacht sa teanga ag na céimithe ag deireadh a n-oiliúna. Tá géarghá le múinteoirí atá líofa sa Ghaeilge.

CEACHT BEAG GAEILGE:

AN BRIATHAR - THE VERB



De ghnáth cuireann an briathar (**verb**) gníomh in iúl agus cuirtear é ag tús na habairte. I nGaeilge roinntear na briathra in dá réimniú (**conjugations**). Tá fréamh (**root**) ag gach briathar agus is féidir an fhréamh sin a úsáid chun foirmeacha éagsúla an bhriathair a aimsiú. Is ionann í agus an modh ordaitheach a úsáidtear chun ordú a thabhairt do dhuine. Tá sé tábhachtach go bhfuil tú in ann an difríocht idir consan caol agus consan leathan ag deireadh na fréimhe a aithint.

An Chéad Réimniú: Tá na briathra aonsiollacha (**monosyllabic**) sa ghrúpa seo, chomh maith le briathra ilsiollacha a chríochnaíonn ar -áil agus ar -áin:

Leathan (a, á, o, ó, u nó ú an guta deireanach): amharc (**look**), dún (**close**), fág (**leave**), las (**light**), mol (**praise**), ól (**drink**), póg (**kiss**), sábh (**saw**), pulc (**gorge**)

Caol (í nó í an guta deireanach): bris (**break**), cuir (**put**), éist (**listen**), fill (**return**), lig (**let**), mill (**spoil**), rith (**run**), sáigh (**stab**), sil (**drip**), síl (**think**), sín (**stretch**), tit (**fall**)

ach is caol iad na briathra a chríochnaíonn le -áil/-áin: athchúrsáil (**recycle**), bácáil (**bake**), campáil (**camp**), cniotáil (**knit**), marcáil (**mark**), sábháil (**save**), taispeáin (**show**), traenáil (**train**)

An Dara Réimniú: Tá na briathra sa ghrúpa seo ilsiollacha. Críochnaíonn cuid acu ar -aigh (leathan) mar admhaigh (**admit**), ardaigh (**raise**), ceannaigh (**buy**), nó ar -igh (caol) mar bailigh (**collect**), ceistigh (**question**), cúisigh (**charge**), maisigh (**decorate**), oibrigh (**work**), smaoinigh (**think**), agus cinn eile ar -ail (leathan), -il (caol), -in, -ir agus -is, mar ceangail (**tie**), codail (**sleep**), múscail (**rouse**), aithin (**recognise**), freagair (**answer**), imir (**play**), iompair (**carry**), agus inis (**tell**).

Tá aimsirí (**tenses**) éagsúla ag na briathra. Is iad na cinn is mó a úsáidtear ná: caite (**past**), láithreach (**present**), fáistineach (**future**), agus an modh coinníollach (**conditional**). Cuirtear críocha éagsúla leis an bhfréamh chun teacht ar na foirmeacha ceart. Beidh mé ag scríobh faoi sin in eagrán eile.

Níl ach 11 bhriathar neamhrialta sa Ghaeilge agus is beag an uimhir sin i gcomparáid lena lán teangacha eile, creid é nó ná creid! Seo iad: abair (**say**), beir (**take**), bí (**be**), cluin/clois (**hear**), déan (**do**), faigh (**get**), feic (**see**), ith (**eat**), tabhair (**give**), tar (**come**), agus téigh (**go**).

AN MADRA CLISTE

Rita Ní Ghóilín

Maidin amháin anuraidh chonaic m'fhear céile madra ag dul amach ár ngeata agus cartán bainne a ghoid sé ó leac an dorais ina bhéal.

Nuair a tháinig fear an bhainne chun a chuid airgid a bhailiú ag deireadh na seachtaine, dúradh leis faoin ar tharla. Is é a bhí an-bhuíoch dúinn as an eolas sin - bhí bainne ag imeacht ó leaca eile in eastát tithíochta in aice linn, agus ní raibh a fhios aige céard go díreach a bhí ag tarlú. Chonaic sé madra, ceart go leor, ag leanúint a veain, ach ní fhaca sé é ag goid cartán bainne.

Cúpla mí ina dhiaidh sin, dúirt m'fhear chéile leis, “An bhfaca tú an madra sin ó shin?” “Ó, chonaic”, d’fhreagair sé, “chonaic mé é ceart go leor. Bhí sé ag goid bainne i ngairdín amháin, agus madraí eile á leanúint - bhí sé á dtraenáil isteach ina cheardaíocht, is dócha!”



AN CATHACH

Pádraig Mac Éil

Bhí *An Cathach*, an leabhar is seanda atá fágtha againn in Éirinn, ar taispeáint i leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ) le déanaí. Baineann sé leis an séú haois, dhá chéad roimh scríobh Leabhar Cheanannais. Is Saltair é (cóip de na sailm Eabhracha i Laidin), an dara ceann is sine ar domhan. Tá scéal cáiliúil ag baint leis. Deirtear go bhfuair Colm Cille cóip de na sailm a rinne San Iaróm ar iasacht ó Naomh Finnian. Rinne sé cóip de faoi rún. Ní raibh Finnian sásta faoi sin. Rinne sé gearán don Ardrí Diarmuid Mac Cerbaill i dTeamhrach. D'eisigh Diarmuid foraithe (**decree**) cháiliúil, b'fhéidir an chéad bhreith faoi chóipcheart riamh: “do gach bó a lao, do gach leabhar a chóip”. Níor ghlac Colm Cille le seo agus fuair sé cabhair ó mhuintir Uí Néill agus ó mhuintir Uí Dhónaill. Bhuaigh siad ar fhórsaí Dhiarmuid ag Cúl Dreimhne, Co Shligigh i 561 AD. D'úsáid siad *An Cathach* mar sciath (**shield**) le linn an chatha. Chuir an t-ár (3,000 maraithe) a tharla sa chath isteach go mór ar Cholm Cille agus mar aithrí (**penance**) chuaigh sé ar deoraíocht go hAlban agus níor fhill sé ar a tír dhúchais coíche. Choimeád Muintir Uí Dhónaill an tsaltair agus d'iompar siad é leo agus iad ag troid. Shiúladh eaglaiseach timpeall shaighdiúirí Uí Dhónaill leis an leabhar roimh chath. As an nós seo a tháinig ainm na lámhscríbhíne, *An Cathach* (*The Battler*). Rinneadh cumhdach (cás do leabhar) dó san 11ú haois. Tá sé sin in Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann. Tógadh *An Cathach* go dtí an Fhrainc i 1690, ansin tugadh é do mhanaigh Éireannacha in Ypres sa Bheilg. Thug siad é do Ó Dónall i mBaile Uí Fhiacháin, Co Mhaigh Eo i 1813 agus ansin tugadh é don ARÉ i 1843. Tá 58 leathanach (270 mm x 190 mm) ann, le téacs de shailm 30:10 go 105:13.

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Bhí Cathal agus a bhean chéile, Máire, ag siopadóireacht san ollmhargadh áitiúil. Thóg Cathal dhá phaca sé bhuidéal beorach agus chuir sé sa tralaí siopadóireachta iad. “*Cad atá á dhéanamh agat?*”, d'fhiafraigh Máire. “*Tá siad ar sladmhargadh, 12 bhuidéal ar 10 euro*”, d'fhreagair Cathal. “*Cuir ar ais iad*”, d'ordaigh Máire, go cantalach “*níl an t-airgead againn chun beoir a cheannach duit. Tá rudaí níos práinní le fáil againn*”. Lean siad ar aghaidh ag fáil an aráin, na nglasraí, torthaí, ríse, agus feola. Leathshlí síos pasáiste 9, an ceann chuig an tseiceáil amach, stop Máire agus phioc sí próca uachtar aghaidhe aníos agus praghas 40 euro air agus chuir sí sa tralaí é. “*Cad atá á dhéanamh agat?*”, arsa Cathal. “*Seo m'uachtar aghaidhe*”, arsa Máire, “*Cuireann an t-uachtar seo cuma bhreá, dhathúil agus cuma na hóige ar m'aghaidh*”. “*Ach bíonn cuma dhathúil óg ort tar éis dom dosaen buidéal beorach a ól*”, arsa Cathal, “*agus ní chosnaíonn siad ach deich euro*”. Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin cloiseadh achainí á fógart ar an gcóras fógartha poiblí: “*An féidir le dochtúir teacht go pasáiste 9 go tapa. Tá cabhair de dhíth ag fear atá gortaithe ansin!*”



Foclóirín

bean chéile - **wife**; ollmhargadh - **supermarket**; áitiúil - **local**; thóg Cathal - **Charles took**; paca sé bhuidéal beorach - **a six-pack of beer**; tralaí - **trolley**; cad atá ...? - **what are ...?**; á dhéanamh agat - **you doing**; sladmhargadh - **bargain**; ar ais - **back**; go cantalach - **crossly**; níl an t-airgead againn - **we do not have the money**; níos práinní - **more urgent**; lean siad ar aghaidh - **they continued on**; glasraí - **vegetables**; torthaí - **fruit**; feoil - **meat**; leathshlí síos - **halfway down**; pasáiste - **aisle**; seiceáil amach - **check-out**; phioc sí aníos - **she picked up**; próca - **jar**; uachtar aghaidhe - **face cream**; cuma - **appearance**; dathúil - **beautiful**; cuma na h-óige - **youthful appearance**; cloiseadh - **was heard**; achainí - **request**; á fógart - **being announced**; córas fógartha poiblí - **public address system**; an féidir le - **could**; teacht - **come**; cabhair - **help**; de dhíth - **required**; gortaithe - **injured**;

AN tAMHRÁN NÁISIÚNTA - AMHRÁN NA bhFIANN Liam Ó Culbáird

Chum Peadar Ó Cearnaigh ‘Amhrán na bhFiann’ sa bhliain 1907. Chum an ceoltóir Pádraig Ó hÉinigh an ceol, in éineacht leis an gCearnach. Scriobhadh an t-amhrán i mBéarla agus foilsíodh den chéad uair é i nuachtán Bhulmer Hobson ‘*Irish Freedom*’ i 1912.

D’úsáid Óglaigh na hÉireann é nuair a bhí siad ag traenáil agus bhí sé le cloisteáil in Ard-Oifig an Phoist nuair a bhí siad faoi ionsaí i rith Sheachtain na Cásca 1916. Bhí sé in úsáid ag na cimí in Frongoch tar éis an Éirí Amach agus bhí sé i mbéal an phobail i rith Chogadh na Saoirse. Déanann an t-amhrán cur síos faoi champa na saighdiúirí agus iad ag fanacht ar ionsaí ag breacadh an lae.



Peadar Ó Cearnaigh

Do chum Liam Ó Rinn an leagan Gaeilge timpeall 1920. Is é an leagan Gaeilge atá in úsáid faoi láthair, i bhfad níos mó ná an leagan Béarla. Sa chéad líne den churfá tá na focail “*Sinne Fianna Fáil*”. Roghnaigh De Valera, go clisteach, an frása seo mar ainm a pháirtí pholaitíochta i 1926. Úsáideann roinnt daoine an líne “*Sinne Laochra Fáil*” mar chéad líne anois. Glacadh é go foirmiúil mar an amhrán náisiúnta sa bhliain 1926.



Liam Ó Rinn


Le cúpla bliain anuas, tá daoine éagsúla ag iarraidh an t-amhrán náisiúnta a hathrú, ag rá go bhfuil sé seanaimseartha agus nach bhfuil baint aige leis an saol chomhaimseartha. Mothaíonn siad go bhfuil sé rómhíleatach agus gur bhreá leo ceann ní ba mheasartha. Cén fáth go bhfuil eagla ar dhaoine faoin stair? Is taifead é ár staire agus ba chóir dúinn bheith bródúil as óna bhunús. Ní ghá go mbeidh uabhar ag éinne faoi na focail. “*Out yonder waits the Saxon foe*”. Tá daoine

éagsúla míchompordach leis an bhfírinne go bhfuil na Sasanaigh i láthair in Éirinn le breis is 850 bliain agus go bhfuil sé chontae in oir-thuaisceart na tíre fós faoi smacht na Breataine.

Le déanaí, tá an t-amhrán “*Ireland’s Call*” le cloisteáil níos minice. Ní hé seo ár n-amhrán náisiúnta agus tá dualgas orainn gan é a ghlacadh mar sin. Tá roinnt daoine ag déanamh fíor-iarracht é a bheith glactha mar ionadaí (**replacement**) in áit Amhrán na bhFiann. Is cuma linn cé chomh minic atá sé á sheimn. Tá dualgas orainn, mar Ghaeil, gan ghlacadh leis agus seasamh a dhéanamh ar son ár n-amhráin náisiúnta.

AN RAIBH FIOS AGAT?

Is é An Rí Hart an t-aon rí i bpaca cártaí nach bhfuil croiméal (**moustache**) air! Níl malaí (**eyebrows**) ar an Mona Lisa. Ba nós fhaisin na haimsire é iad a bhearradh! Tá triúr fear nocht lena lámha ar ghualainn a chéile ar Bhonn Nobel na Síochána! Is féidir leis an dreancaid (**flea**) léim 33 cm a dhéanamh in iarracht amháin. Chun bheith ar chomhchéim leis an bhfeithid (**insect**) bheag bheadh ar dhuine léim 213 m! Tá fad 62,000 míle d’fhuileadáin (**blood vessels**) i gcorp duine, a ndóthain chun an Domhan a chiorclú dhá uair go leith! Níl i d’inchinn (**brain**) ach 2% de mheáchan (**weight**) do choirp ach úsáideann sí 20-25% an fhuinnimh a ghineann do choirp! Tá 52 chnámh i gcos duine, sin beagnach ceathrú de na cnámha (300) atá sa choirp!



AN DEALBH IN EASNAMH

Roibeárd Mac Cathmhaoil

Is é An Tiarna Dudley an fear in easnamh agus leasainmneacha éagsúla air. Nuair a bhí tonn mhaith dá aoise aige thug sé an t-ainm an Tiarna Ó Dudlaigh air féin. Nuair a bhí sé óg Tomás Ó Dudlaigh an t-ainm a bhí air. Ainm amháin eile air ná An Buachaill Bó. Ach an t-ainm a bhí ag pobal Bhaile Átha Cliath air ná *Bang Bang*.

Tráthnóna amháin bhí mé féin agus mo mháthair ag dul abhaile tar éis lá breá a chaitheamh ag bailiú ruacan (*cockles*) agus diúilicíní (*mussels*) ar Chuach Trá. Bhí bailiúchán mór againn agus bhí mé ag súil iad a bhlaiseadh. Bhíomar ag dul thar Choláiste na Tríonóide agus go tobann, tháinig fear taobh thiar de mo mháthair agus rug sé greim ar a gruaig agus dúirt sé os ard, “*tabhair póg dom*” nó mar a déarfá as Béarla Bleácliathach “*gíviz a gooser*”. Ansin scaoil sé a gruaig agus, ag an am céanna, chas mo mháthair. Léim an fear siar agus thosaigh sé ag rith i dtreo Shráid Grafton agus é ag béiceadh “*gíviz a gooser, gíviz a gooser*” agus, ansin, “*Bang Bang, tá tú marbh*”. Lean sé ar aghaidh ag rith agus é ag bualadh a chromáin lena lámh faoi mar a bheadh sé ar chapall. Bhí mo mháthair ag féachaint air agus í ag béiceadh, “*Má bheirim greim ort maróidh mé thú*”, nó, as Béarla Bleácliathach, “*if I get me hands on yeh, yi louser, I’ll kill you stone dead*”. *Bang Bang* ab ea é. Bhí iontas an domhain orm.



D’fheicinn an fear céanna go minic arís agus mé ag fás aníos i mBaile Átha Cliath. Thaitin *Bang Bang* lena lán daoine agus thug sé spraoi agus sonas do pháistí óga agus do dhaoine aosta chomh maith. Níor chreid na cuairteoirí cad a bhí ag tarlú agus an fear ait ag screadach agus ag lámhach daoine le heochair mhór eaglaise ina lámh ó ardán an bhus a bhí ag dul tharstu agus Bleácliathaigh eile ag déanamh aithrise air agus ag scaoil ar ais chuige lena hordóga féin nó ag titim ar an tsráid cosúil le duine gonta! Daoine fásta!!! Ag an am sin ní raibh doras ar an mbus agus bhí *Bang Bang* in ann seasamh ar an ardán ar chúl an bhus. Chaitheadh sé an lá ag déanamh an rud céanna, b’fhéidir luíochán ar shráid amháin nó lámhach ar shráid eile nó póg a bhaint ó chailín ar shráid eile!

Bhí saol crua ag *Bang Bang*. Dúirt sé nach raibh tuismitheoirí aige. Chaith sé a óige i ndílleachtlann. Thóg bean amach ar altramas é. Níl a fhios agam cá bhfuair sé an nós a bhí aige. B’fhéidir gur fhreastail sé ar na scannáin buachaillí bó. Thug sé spraoi don a lán lán daoine ar feadh na mblianta. Níor chuir aon duine isteach ar *Bang Bang* – bhí nós ann i mBaile Cliath na daoine mar eisean a ligean saor. Fuair sé bás i 1961.

Ba cheart, dar liom, dealbh in ómós Thomás Ó Dudlaigh a bheith i bhFaiche Stiabhna.





AN ARAIB SHÁDACH

Antóin Ó Seaghdha

Ní dóigh liom go bhfuil An Araib Shádach ar barr liosta na dtíortha gur maith le daoine a fheiceáil roimh dheireadh a shaoil, agus b'fhéidir nach bhfuil sé ar aon liosta buicéid ([bucket list](#)) ach oiread. Tá fhios ag beagnach gach duine go bhfuil an tír sin an-shaibhir ach tá deacrachtaí ag baint leis an tír faoi ábhair cearta sibhialta, srl.

Bhíos ann le déanaí le píosa oibre a dhéanamh in Jeddah agus in Riyadh. Ní raibh aon teach tábhairne le feiceáil sa tír ach thug sé sin níos mó ama dom chun rudaí eile a dhéanamh. Fadó, nuair a bhíos ag fás aníos, bhí orm dul go haontaí chun ainmhithe a dhíol agus a cheannach. San Araib Shádach, bhíos in ann dul go haonach camaill. Níor cheannaigh mé aon cheann ach cosúil le bheith ag aonach ainmhithe in Éirinn, chuaigh mé suas chuig camall amháin agus rug mé greim ar a thóin chun fáil amach an raibh sláinte mhaith aige. Bhuel, do chas sé timpeall agus dhein sé iarracht píosa a thógáil as mo lámh. Thug an t-úinéir dearcadh dorcha dom. Ghlac mé an leid, gabh mé fiche leithscéal don fhear agus don chamall agus thug mé do na boinn é go dtí áit eile. Dúirt mé liom féin nach raibh an camall cosúil leis an mbó nó leis an tarbh. Úsáidtear camaill mar ainmhithe rása cosúil le capaill agus mar sin tá praghas an-mhaith le fáil ar camaill thapa.



Tá bainne an chamaill an-láidir agus mar sin ní féidir é a thabhairt do leanaí. Bhíos ag caint le fear amháin ag an aonach agus dúirt sé go raibh an bainne an-tábhachtach do na fir, go háirithe na fir pósta, má thuigeann tú mé a dúirt sé, agus é ag déanamh caoch, caoch

([wink,wink](#))! Ní déarfadh mé aon rud eile ar an ábhar sin ach a rá go bhfuil bainne an chamaill mar '[viagra](#)' an fhásaigh. Tá go leor rudaí le feiceáil san Araib Shádach. Tá an bia go deas agus faoin aimsir, b'fhéidir leat ubh a fhriochadh ar chloch, dá mbeadh ubh agat.

BÁS "AN RÍ"

Pádraig Mac Éil

Tá 39 mbliana imithe anois ó chualamar scéal bhás an "Rí", - rí rac is roll, Elvis Aaron Presley, atá faoi chaibidil agam. Ní raibh sé ach 42 bhliain d'aois nuair a fuair sé bás. Bhí fadhb aige le drugaí ar oideas ar feadh na blianta agus bhí baint aige sin lena bhás. Rugadh é i Tupelo, Mississippi, SAM, 8 Eanáir 1935 agus bhog sé go Memphis, Tennessee, nuair a bhí sé 13 bliana d'aois. Tháinig an chéad cheirnín uaidh i 1954. Chuir sé an stíl rockabilly, meascán de cheol tuaithe agus de cheol rithim agus gormacha, ar aghaidh i dtús. In Eanáir 1956 d'eisigh sé "[Heartbreak Hotel](#)", a shroich uimhir a haon sna cairteacha sna SAM. Ba é An Coirnéal Tom Parker a bhainisteoir ó shin go dtí bás Presley. Spreag gíorála ([gyrations](#)) Presley agus é ag canadh gearáin agus cáineadh na blianta fada roimh Miley Cyrus! Ó thaobh na gcairteacha ceoil bhí sé thuas seal agus thíos seal i rith a shaoil ach bhí tionchar mór aige ar cheol an 20ú haois. Bhuaigh sé trí Grammy dá cheol gaspal. Tháinig a chéad scannán, "[Love me Tender](#)", amach i 1958 agus idir sin agus 1969 rinne sé 31 scannán. Caithfidh mé a admháil nach raibh mórán meas agam ar na scannáin sin ach amháin ar "[Jailhouse Rock](#)". Ní raibh deis ag Elvis é féin a fhorbairt mar aisteoir mar bhí sé ag canadh amhrán i ngach ceann acu ach "[Charro!](#)" Deirtear nár ligeadh Parker dó bheith i scannáin eile. Chuir na plotáí liodánacha ([repetitive](#)) isteach ar Presley. Deirtear gurbh é Elvis an t-amhránaí aonaránach ([solo](#)) is mó díol ceirníní riamh. Díoladh i bhfad níos mó dá cheirníní tar éis a bháis. Cé go raibh a lán airgid agus cáil aige ní raibh sé ar a sháimhín só lena shaol coíche agus is brónach an deireadh a bhí aige.



CÓGASLANN SWENY

Seosaimhín Ruiséal

Tá cáil ar Chógaslann *Sweny* de bharr úrscéal *Ulysses* le James Joyce. Tarlaíonn na himeachtaí go léir sa leabhar in aon lá amháin, an 16 Meitheamh 1904. Tagann an príomhcharachtar, Leopold Bloom, isteach i siopa *Sweny* chun gallúnach líomóideach a cheannach dá bhean Molly. Anois i 2016 tá an siopa díreach mar a bhí sé in aimsir Joyce - an leagan amach ceannann céanna, na seanbhuidéil cógais ar na seilfeanna. Fiú amháin na tarraiceáin, táid díreach mar a bhíodar ag tús an 20ú haois.



Tá flúirse leabhar athlámhe ar díol anois agus an ghallúnach líomóideach ar fáil chomh maith. Is mar sin a íoctar an cíós gach mí. Cabhraíonn deontais ó chuariteoirí freisin. Tá *Sweny* cláraithe anois mar charthanas. Ní fhaigheann aon duine puinn brabúis. Siad na hoibrithe deonacha, mise ina measc, atá ag réachtáil an tsiopa.

Bíonn seisiúin léitheoireachta as saothar Joyce ar siúl gach uile lá den tseachtain. Ar an Luan léitear sleachta as *Finnegans Wake*. Bíonn míreanna as *Dubliners* le cloisteáil ar an Máirt agus ar an Déardaoin. Ar an gCéadaoin léitear A *Portrait of the Artist as a Young Man*. Tagann seal *Ulysses* ar an Satharn agus an Domhnach.

De ghnáth, téimse chuig cur i láthair an tSathairn. Léimid *Ulysses* os ard, leathanach an duine. Tugann duine den ghrúpa treoir i dtosach báire. Luann sé/sí na príomhimeachtaí, an comhthreo le *Odaisé Hóiméir*, agus stíl na caibidle. Ag an deireadh bíonn seans ag cách a dtuairimí féin a nochtadh and an litríocht a phlé. Bíonn comhghleacaí i mbun tae agus brioscaí agus oibrí deonach eile ag díol leabhar agus gallúnaí agus ag cuntas an airgid.

Tagann cuairteoirí isteach ó gach aird den domhan. Cuireann sé ionadh orm an líon mór daoine a dhéanann staidéar ar Joyce ar scoil agus san ollscoil. Tagann daoine ó na Stáit Aontaithe, ó Mheiriceá Theas, gach tír san Eoraip, an Rúis, an tSín, An Chóiré, An Iordáin. Seolann cuairteoirí leaganacha de *Ulysses* ina dteangacha féin chugainn agus táid le feiceáil sa siopa. An tseachtain seo caite, agus mé féin sa siopa, léigh cailín ó Tel Aviv sliocht san Eabhrais, agus léigh scoláire eile mír san Úcráinis. Tá leagan san Fhairsis ó Phoblacht Ioslamach na hIaráine ann. Tá an chaibidil dheireannach in easnamh ar an leagan sin, áfach. Bhí deacrachtaí ag an aistritheoir le Molly, bean ag cur síos ar a mianta collaíochta. Bheadh eagla air roimh na póilíní creidimh.

Beidh an t-ádh leat má bhuaileann tú le PJ Murphy, an bainisteoir, sa siopa. Tá guth binn aige agus is breá leis an giotár a thógáil amach agus *The Lass of Aghrim* a chanadh. Tá an t-amhrán sin luaite sa ghearrscéal *The Dead*. Buail isteach chugainn ar an Satharn ar a 11 a chlog agus beidh fáilte romhat i measc daoine croíúla agus cairdiúla. Téimid chuig bialann *An Kilkenny* in aice láimhe ina dhiaidh sin, mar a mbíonn deis tuilleadh plé agus caidrimh ag an gcomhluadar.

Fágfaidh mé an focal scoir le James Joyce: "*Hold to the now, the here, through which all future plunges to the past.*" (*Ulysses*)

F.W. SWENY & CO. LTD.
Dispensing Chemists.
1 LINCOLN PLACE,
MERRION SQUARE. DUBLIN.





SAOIRE AR AN gCÓSTA FIÁIN - III

Seán Ó Cadhain

Chuaigh muid ar ais go cathair *Barcelona* an lá dár gcionn. Lá breá eile. Na sluaite ar *Las Ramblas* níos measa ná an lá roimhe; dealbh Chríostóir Colombas ag a bhun is a lámh sínte amach aige i dtreo an chuain. Ina dhiaidh sin, thug muid cuairt ar an gCampa Nua (*Camp Nou*), staid mhór cháiliúil fhoireann sacair *Barcelona*, ceann de na staideanna is mó san Eoraip, le 100,000 suíochán. Thaistéal muid thart ar ionaid mhóra eile, idir fhoirgnimh, iarsmalanna agus ghailearaithe go dtí gur éirigh muid tuirseach.



Ó thuaidh go cathair *Girona* a bhuail muid bóthar maidin an lae ina dhiaidh sin. An ghrian ag scoilteadh na gcloch. Cathair atá ar chóimhéid le cathair na Gaillimhe. Isteach san ardeaglais a chuaigh muid ar dtús, áit bhreá. Tá iarsmalann lonnaithe ann freisin, a bhfuil idir dhealbha, phictiúir agus taipéisí rí-spéisiúla inti. Shiúil muid síos *Rambla* eile (*Rambla de la Llibertat*) a chuaigh i bhfeidhm níos mó orainn ná an ceann i *Barcelona*. Bhí gach cineál siopa ann, bialanna, margaidh; chomh maith le banna ceoil agus damhsóirí a chuir taispeántas ar fáil den lucht féachana. B'álainn a bheith ag faire orthu.



Thug muid ár n-aghaidh ansin ar *Figueres*, baile a bhfuil cáil air mar áit bhreithe an ealaíontóra, Salvador Dali, i 1904. D'oscail sé an *Teatro-Museu Dali* sa bhliain 1974 agus cailleadh ann é i 1989. Thaitin an leacht cuimhneacháin sa ghairdín liom: an carr den déanamh *Cadillac* go mba le Dali é, a dtugann siad *Rainy Taxi* air. Tá saothair le healaíontóirí eile i measc saothar Dali anseo.



Bhí an dá lá dheireanacha den tsaoire ar a gcomhairle féin againn. Thaistéal roinnt daoine as an ngrúpa ar an traein go dtí bailte beaga eile ar an gcósta fiáin ar nós *Tossa de Mar*, *Malgrat de Mar* agus *Blanes*. Chuaigh muidne go *Tossa de Mar*, baile beag gleoite ar thit muid i ngrá leis is ar fhan muid cuid mhaith den lá ann. Tamaill eile ag spaisteoireacht, ag siopadóireacht, ag bleadráil ar ár suaimhneas. Bhí an dúiche chomh spéisiúil sin go raibh sé éasca an t-am a mheilt. Chuidigh an dea-aimsir go mór linn freisin. Seachas múirín fánach báistí maidin amháin, bhí an aimsir thar cionn.

Bhí pobal dúchasach na háite go hálainn: iad cairdiúil agus cuidiúil linn i gcónaí, iad feiceálach timpeall an cheantair ina ngrúpaí ag caint eatarthu féin, is ag súgradh lena gcuid páistí. Bíonn sé seo ag tarlú ar chóstaí eile na Spáinne, ach é le tabhairt faoi deara go suntasach anseo. Cine iontu féin iad muintir na Catalóine, atá ag iarraidh neamhspleáchas ón Spáinn, ach nach bhfuil rialtas *Madrid* sásta é a ghéilleadh dóibh. Tá a dteanga féin acu - an Chatalóinis, teanga atá á labhairt ag ocht milliún duine ar fud na Catalóine agus ar na hoileáin Bhailéaracha. Beidh an t-aicsean ann fós!





AN FEAR SAIBHIR

Nodlaig Ó Scurlog

Bhí fear gnó ann agus bhí sé an-saibhir ar fad. Dúirt sé lena chlann agus é ag dul in aois go raibh sé an-sásta leis an saol mar go raibh sé in ann gach rud ab mhian leis a cheannach. Ach dúirt a chlann leis nach féidir leis an t-airgead a thabhairt leis ar deireadh. Dúirt seisean os íseal leis féin, “*is féidir liom!*”.

Nuair a tháinig tinneas tromchúiseach ([grave illness](#)) air thug sé cuairt ar a dhlíodóir chun a uacht ([will](#)) a dhéanamh. Thug sé ordú dó airgead lom €30,000 a thógáil as a chuntas bainc roimh a shochraid ([funeral](#)) agus an t-airgead sin, i bpacáiste beag, a chur isteach faoi rún sa chónra ([coffin](#)). Ansin bheadh airgead aige chun breab ([bribe](#)) a thairiscint ([offer](#)) do Charón (an bádóir) é a chur go barr na scuaine ([queue](#)) roimh thrasnú abhainn na Stiocs.



Fuair sé bás go luath ina dhiaidh sin agus ag an tsochraid chuir an dlíodóir an rud beag istigh sa chónra agus d'imigh sé leis. Ach bhí fios ag duine eile in oifig an dlíodóra go mbeadh an t-airgead ann agus d'fhreastail an fear sin ar an tsochraid chomh maith. Thóg sé an t-airgead amach gan aird á tharraingt ar féin ach chun nach mbeadh aon ghoid ann chuir sé a seic féin ar €30,000 isteach i bpóca an mharbháin. Chuaigh an tsochraid ar aghaidh agus cuireadh an fear saibhir san uaigh. D'imigh an fear a thóg an t-airgead amach ar chamchuairt ar an domhan ar feadh míosa.

Tháinig an chlann le chéile in oifig an dlíodóra an tseachtain dár gcionn agus léigh an dlíodóir an uacht dóibh. Thug siad faoi deara gur ordaigh an t-athair go mbeadh scrúdú iarbháis ann. Dá bhrí sin caitheadh an chónra a thabhairt chun talún arís agus fuarthas an seic. Nuair a tháinig an “gadaí” ar ais óna shaoire bhí fiacha aige.

Sa chuid eile den uacht scríobhadh nach mbeadh airgead ag dul chuig an chlann ná chuig aon duine eile. Bheadh Institiúid ann chun an t-airgead a chaomhnú agus ní bheadh caiteachas ar bith go deo ach amháin tuarastal íseal do dhaoine i gceannas agus iniúchadh bliantúil ag dhá chomhlacht cuntasaíochta. Bhí an fear saibhir ag smaoineamh:- beidh an teicneolaíocht in ann mé a thabhairt ar ais nó beidh aiséirí éigin nó tiocfaidh mé ar ais mar dhuine eile agus ansin beidh an t-airgead ann dom.

Theip ar an teicneolaíocht agus ní raibh aon aiséirí ach tháinig sé ar ais mar dhuine bocht san India. Bhí dúil mhór aige dul ar ais go hÉirinn chun greim a ghabháil ar a mhaoin arís ach bhí air na blianta a chaitheamh ag lorg déirce chun an t-airgead don táille abhaile a choigilt. Nuair a rinne sé iarracht teacht ar a chuid airgead agus é ar ais in Éirinn níor aithin aon duine é agus níor chreid aon duine gurbh é an fear saibhir a fuair bás na blianta roimhe. Níorbh fhada go raibh air dul ar ais ar na sráideanna ag lorg déirce. Fiú ansin ní raibh fonn ag a chlann airgead a thabhairt dó nuair a shiúil siad thairis.

Bhí a chlann fostaithe ag an Stát ach duine amháin a bhí ina pholaiteoir. Tharla go raibh an tír i gcruachás agus bhí na polaiteoirí ag féachaint ar an Institiúid sin a bhí lán le hairgead anois. Bhí suim mhór ag an Roinn Airgeadais sa scéal agus cuireadh cáin 100 faoin chéad air.


An ceacht: Filleann an feall ar an bhfeallaire agus is leis an bpobal gach saibhreas agus tagann sé ar ais don phobal sa deireadh.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-22

TRASNA

SÍOS



1	artificial (6)	2	academic (7)
5	bicycle (6)	3	uproar (4)
10	nephron (7)	4	miserable (6)
11	inlet (7)	5	radio (6)
12	walk (4)	6	fire (4)
13	spite (5)	7	araltas (7)
15	store (4)	8	glossy (6)
17	show (3)	9	inexperienced (6)
19	sauce (6)	14	four (7)
22	needy (6)	16	hither (5)
24	architect (7)	18	from south (5)
25	bowl (7)	20	new (3)
27	cadetship (6)	21	nephew (3)
30	army (3)	22	height (3)
32	from me (4)	23	axe (3)
33	increase (5)	25	bank (6)
34	knowledge (4)	26	dumbness (7)
37	hollow (7)	28	treacle (7)
38	thirty (7)	29	satisfied (5)
39	charioteer (3)	30	corn (6)
40	tenor (6)	31	metal (6)
41	smallness (6)	35	blade (4)
		36	chirp (4)



CUARDACH FOCAL 22

madraí 2 / dogs 2

S	T	A	R	D	A	H	M	T	U	M	S	C	R	T
D	A	H	C	A	E	N	Í	C	I	É	P	O	A	A
A	R	T	O	I	S	F	Ú	I	P	É	A	R	É	R
M	B	A	R	M	U	H	B	R	A	T	B	C	N	B
S	Í	P	É	I	R	A	D	Ú	P	H	R	H	N	H
E	R	I	P	R	Ó	H	B	C	M	P	O	Ú	I	M
L	D	É	A	É	A	D	C	H	C	H	Ú	H	A	H
A	A	B	H	C	A	D	A	É	S	I	A	B	P	A
D	H	Ú	M	H	R	I	P	E	A	R	A	D	S	Í
Ú	M	M	S	U	S	R	I	É	S	N	I	P	R	N
P	T	A	P	T	O	Í	S	Ú	B	M	O	I	S	A
I	U	A	Í	Ú	O	B	R	O	C	A	I	R	E	L
L	M	N	R	I	É	Í	S	I	P	E	R	A	B	D
S	S	N	E	A	B	H	S	A	R	A	E	R	S	Ú
Í	Ú	L	A	D	U	P	U	D	I	L	Á	D	U	P



aimseadóir (retriever)	pinséir (pinscher)
baiséadach (Basset hound)	púdál (poodle)
brocaire (terrier)	síotsú (shih tzu)
búmhadra (buhund)	sípéir (sheepdog)
corchú (Welsh corgie)	smutmhadra (pug)
cú (greyhound)	sneabhsar (schnauzer)
fuipeád (whippet)	spáinnéar (spaniel)
péicíneach (pekinese)	tarbhmhaistín (bullmastiff)



OÍCHE AIRNEÁIN

Beidh oíche le **Filíocht, Ceol agus Amhránaíocht** ar siúl i mbialann *Tillie's*, 18 Bóthar Naomh Gaibréal, Cnocán Doirinne, Cluain Tarbh, BÁC 3 (18 St Gabriel's Road, Dollymount, Clontarf, Dublin 3), Dé Domhnaigh, 23 Deireadh Fómhair 2016 ag 7.00 pm. Oslófar an doras ag 6.45 pm. Tá *Tillie's* trasna an bhóthair ó Shéipéal Naomh Gaibréal (across the road from St. Gabriel's Church). Bus uimhir 130 ó Shráid na Mainistreach (Bus number 130 from Abbey Street). Is iad na haoifhilí a bheidh i láthair ná **Ciara Ní Éanacháin agus Mícheál Ó Ruairc**. Déan teagmháil (contact) le **Seán Ó Coileáin, 087235182, johnpascalcollins@hotmail.com** nó **Rae Ó Ceallaigh, 0879490186**. Tá costas €5 chun ionad a chur in áirithe agus €15 an duine cead isteach ar an oíche (méarbhia san áireamh). Is í Dé Domhnaigh, 2 Deireadh Fómhair spriocdháta chur in áirithe.



CLUB FILÍOCHTA DHOMHNACH MÍDE

An bhfuil spéis agat san fhilíocht? Cad é an dán is fearr leat? An gcuimhníonn tú ar na dánta a d'fhoghlaim tú ar scoil? Cad is brí le dán díreach, le hAisling, le hAmhrán nó fiú le haiku? Cé hiad na filí is fearr dar leat? Seo seans duit caint faoin fhilíocht agus faoi na dánta is fearr leat agus iad a roinnt le daoine eile. Tá Rae Ó Ceallaigh ag cur tús le Club Filíochta ag tosú Meán Fómhair 2016. Beidh sé ar siúl uair sa mhí ar an **dara Déardaoin ó 6.30 pm go dtí 8.00 pm** i leabharlann Dhomhnach Míde (thuas staighre sa Lárionad Siopadóireachta). Tá Rae ag súil go mbeidh gach duine ag tabhairt dán amháin ar a laghad leis/léi chun é a léamh nó a aithris ar an oíche agus chun cur síos a dhéanamh air, b'fhéidir faoi na fáthanna ar roghnaigh sé/sí é agus ar an bhfile a chum é. Más file tú féin (deirtear go bhfuil Éire ag cur thar maoil (overflowing) le filí!) is féidir leat dán dá chuid féin a aithris agus caint a dhéanamh faoi le do lucht éisteachta. Cuir glaoch ar Rae má tá spéis agat sa chlub nó má tá eolas breise á lorg agat faoi.

Beidh an chéad seisiún ar siúl **Déardaoin, 8 Meán Fómhair**. Bí ann - le do rogha dáin - ar an oíche. Beidh fáilte romhat.

CROSFHOCAL BG XBG-21: RÉITEACH

1	B	2	A	I	3	N	I	4	S		5	M	A	6	C	Ú	7	I	L	
8	S		C		A		Á				Í		U			A			9	S
10	C	E	A	R	T	A	S			11	R	E	I	T	R	I	C			
	O		D		H		Ú			É		R			L					Ó
12	N	E	A	D		13	E	I	14	L	I	T		15	M	A	L	L		
	N		M		16	B		17	L	Á	R		18	M		N				T
19	20	A	M	H	R	A	21	S		I		22	C	É	A	N	23	N	A	
		Ó			24	G	I	O	R	R	I	A					U			
25	D	R	26	A	G	Ú	N		E		27	S	L	A	28	M	A	29	R	
	A		E		N		30	M	O	31	L		A		A					O
32	M	A	R	Ú		33	R	A	G	Ú	S		34	S	C	A	L			
	H		L		35	I		G		I		36	S		A					L
37	S	P	Í	O	N	T	A			38	B	I	T	Í	O	P	A			
	A		N		T		39	D	L	Í		U								M
	40	R	E	O	I	G	H			41	N	U	A	C	H	T				

CUARDACH FOCAL 21: RÉITEACH

D	T	S	O	R	O	S	U	B	I	L	L	I	N	N
O	N	L	Á	H	M	A	L	A	M	G	Á	E	G	S
N	Á	M	H	Ú	I	L	T	R	É	L	H	M	Ó	Á
R	L	E	É	R	I	A	C	S	A	E	R	I	H	É
O	T	A	L	A	O	T	A	B	O	B	S	Ú	M	R
D	Ó	R	C	N	R	S	I	N	Ú	R	I	S	Á	I
O	G	S	N	Í	G	U	T	Í	T	M	A	T	L	E
I	A	E	T	S	Á	R	S	D	É	L	N	Í	T	M
R	É	I	G	T	A	L	O	I	H	N	Á	L	Ú	I
N	G	B	R	Ó	E	N	R	Ú	I	U	N	G	Í	U
I	E	B	N	R	D	E	I	L	G	N	O	L	M	H
D	U	R	O	B	A	R	L	G	N	O	I	D	Ú	L
I	N	É	A	S	L	I	O	N	G	A	N	L	N	A
U	L	A	N	L	U	I	L	I	N	N	Í	D	L	M
L	A	N	L	O	N	G	O	D	R	O	S	T	Á	U

SEANFHOCAL

Is maith an fhaire an fhógairt
Forewarned is forearmed



EURO 2016 - CUIMHNÍ CINN

Somhairle De Brún

Faoi dheoidh (sa deireadh) b'í an Phortaingéil a bhuaigh Craobhchomórtas Sacair na hEorpa 2016. Domsa, tacadóir ([supporter](#)) fhoireann sacair na hÉireann ó 1957 (59 mbliana), b'iad na fíorbhuaiteoirí ná ár mBuachaillí i nGlas féin agus a lucht leanúna leithleach ([uniqué](#)), agus dea-bhéasach Bhí aoibh mhaith orainn i gcónaí cé go rabhamar thíos seal agus thuas seal ar pháirc na himeartha. Bhí sé de phribhléid agam freastal ar gach ceann de na cluichí a d'imir muid.

I bPáras, in aghaidh na Sualannach, b'í Éire an fhoireann ab fhearr ach in ainneoin sár-imeartha ó Houlihan, Brady agus Hendrich bhí orainn bheith sásta, nuair a séideadh an fhead deiridh, gur chríochnaigh an cluiche ar comhscór. In Bordeaux bhuaigh an Bheilg glan orainn. Bíonn cead cainte ag fear caillte na himeartha de ghnáth ach sa chluiche seo ní raibh leithscéal ar bith againn. In Lille in aghaidh na nIodálach, bhí ár ndroim le balla againn ach le roghnú foirne misniúla agus iontaí chonaiceamar ceann de na taispeántais ab fhearr riamh ó fhoireann



Éireannach. Bhí an toradh, bua 1-0, lán-tuillte againn agus cháiligh muid don 16 deireanach. B'iad Brady, Hendrick agus McClean na laochra san éacht mór seo. Bhí ar an lucht tacaíochta sna geansaithe glasa socrúithe a dhéanamh go deifreach chun fanacht sa Fhrainc níos faide. Thugamar ár n-aghaidh i dtreo Lyons agus cluiche i gcoinne an Náisiúin

Aíochta. Throidemar go dian ach cuireadh Duffy den pháirc, rud a d'fhág cion oibre againn a bhí beagnach dodhéanta. Chailleamar an cluiche 1-2 ach, le bheith macánta, b'í An Fhrainc an fhoireann ab fhearr ar an oíche.

Tá mé slán sábháilte sa bhaile anois, traochta tar éis an taistil ach le mo chroí ag pléascadh le bród, toisc gur Éireannach mé. Tá cluichí, i gcóir cáiliú do Chorn an Domhain 2018, in aghaidh na Seirbia, in aghaidh na hOstaire agus in aghaidh na Moldóive le teacht sa bhliain seo romham. Beidh mé ann le cúnamh Dé.

BEAN AN TÍ L'AIRBNB

Máire Blundell

Cúpla bliain ó shin bhí mé ag obair in oifig in Áras Seanóirí ([Old People's Home](#)) agus bhí mé sona sásta ann. Ach ní buan gach ní a chaitear ([nothing lasts forever](#)). Tháinig bainisteoir nua chun na háite, gearradh siar ar an lucht foirne ([staff](#)) agus chaill mé mo phost. Bhí mé díomhaoin ([unemployed](#)) agus ní raibh a lán airgead i mo phóca.

Ach, an áit a mbíonn an dólás bíonn an sólás ina aice ([every cloud has a silver lining](#)). Bhí seomra leapa agus seomra folctha saor i mo theach mar bhí m'íníon ina cónaí i Meiriceá Thuaidh. Chuala mé scéalta maithe faoi AIRBNB (Aer Leaba agus Bricfeasta, AERLSB?) ar an raidió. Shocraigh mé triail a bhaint as. Chuir mé sonraí an tseomra fholaimh ar shuíomh idirlín AirBNB agus chláraigh mé ([I registered](#)) mar óstach ([host](#)).



José, as an Bhrasaíl - b'é sin mo chéad aoi ([guest](#)) agus fear álainn a bhí ann. Bhí sé ag staidéar an Bhéarla ach bhí uaigneas air mar d'fhan a "fhear céile" in Sao Paulo!! Tháinig a lán daoine as an Eoraip an bhliain seo caite, ach tá níos mó daoine as Meiriceá ag teacht anois. Is maith liom buaileadh le daoine nua agus éisteacht le scéalta a mbeatha. Tá mé an-sásta nuair a thugann siad moladh dom !! Fuair mé an stádas mar "sáróstach" ("[superhost](#)") cúpla seachtain ó shin. Anois, chomh maith le haithne a chur ar dhaoine as gach cearn den Domhan, tá airgead i mo phóca arís!